



Bord Altranais agus
Cnáimhseachais na hÉireann
Nursing and Midwifery
Board of Ireland

Ráiteas Straitéise BACÉ 2023-2025

Teachtaireacht ón Uachtarán agus ón bPOF

Is é an ról atá ag Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (BACÉ) ná slándáil an othair a fheabhsú trí tacaíocht a thabhairt d'altraí agus cnáimhseacha le cúram sábháilte a chur ar fáil. Mar rialtóir na ngairmeacha, cuirimid seirbhís phoiblí ar fáil, agus measaimid gur an-dáiríre ar fad an ról atá againn.

Leagtar amach sa straitéis seo conas a leanfaimid orainn an ról atá againn a chomhlíonadh, is é sin an pobal a chosaint agus sláine gairmeacha an altranais agus an chnáimhseachais a chosaint thar na trí bliana atá amach romhainn bealaí seo a leanas:

- Na caighdeáin oideachais don altranais agus don chnáimhseachas in Éirinn a shocrú, agus caithfidh aon duine atá ag iarraidh cleachtadh in Éirinn a léiriú an tslí a gcomhlíonann siad na caighdeáin sin.
- Clár na n-altraí agus na gcnáimhseach a bhfuil na caighdeáin seo bainte amach acu a chothabháil, rud a ligeann don phobal agus d'fhostóirí a sheiceáil go bhfuil duine ar leith sábháilte chun cleachtadh in Éirinn.
- Tacú le haltraí agus cnáimhseacha chun leanúint leis na caighdeáin seo a chomhlíonadh i rith a ngairmeacha beatha trí threoir agus tríd an bhforbairt ghairmiúil leanúnach.
- Trí ghearáin, más ann, i gcoinne altraí agus cnáimhseach a imscrúdú agus a bhreithniú.

Anuas ar an méid thuas a sheachadadh, le bheith éifeachtach agus éifeachtúil mar rialtóir, ní mór dúinn na rioscaí sin a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don phobal agus d'úsáideoirí seirbhíse a aithint. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag measúnú na rioscaí seo agus machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir linn tacú le haltraí agus le cnáimhseacha chun an díobháil a chosain ar an gcéad dul síos. Tagraítear dó seo mar an rialáil réamhtheachtach.

Trí na himeachtaí, Sraith an tSamhraidh, in 2022 agus an chomhairliúcháin phoiblí i ndáil leis an straitéis seo, rinne ár gcláraithe, ár bpáirtithe leasmhara agus an pobal a gcuid smaointe agus léargais a roinnt maidir lenár ról agus ar cad is féidir linn a dhéanamh chun tacú níos fearr leis na gairmeacha, leis an bpobal agus leis an gcóras. Ar an aiseolas seo, áiríodh:

- Chuir tú in iúl go soiléir gur féidir linn níos mó a dhéanamh lenár léargas a roinnt ar céard is cúis leis an dochar, rud a ligeann do ghairmithe machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin.
- Chuir tú in iúl dúinn go gceapann tú go bhfuil gá le níos mó áiteanna do mhic léinnfochéime tríú leibhéal chun freastal ar an éileamh atá ann agus táimid ag déanamh ár ndícheall i dtaca leis an aidhm sin.
- Maidir le hiarratasóirí ó thorthaí eachtracha, d'inis tú dúinn go gcaithfidh an próiseas a bheith níos éasca dóibh clárú agus gur cheart níos mó a dhéanamh chun tacú lena n-aistriú go dtí an cúram sláinte. Is réimse é sin a bhfuilimid ar a bhfuilimid ag obair go dian. Aithnímid go gcaithfidh altraí agus cnáimhseacha ó thíortha eachtracha a chlárú le hobair sa tseirbhís sláinte, agus tacú leo dul in oiriúint don obair sa tír seo, cé go nach mór dúinn oideachas a chur ar níos mó altraí agus cnáimhseacha in Éirinn freisin.
- Chuir go leor díobh in iúl nach mór don tseirbhís sláinte altraí agus cnáimhseacha a choinneáil agus iad a spreagadh chun fanacht sna gairmeacha freisin.

Tá an straitéis trí bliana seo forbartha don eagraíocht againn le cuidiú ón aiseolas a fuarthas uaibhse.

Féachann an straitéis seo le freagairt dá bhfuil foghlamtha againn trí rannpháirtíocht agus comhairliúchán, agus tá sé seo leagtha amach go mion sna leathanaigh seo a leanas. Mar an rialtóir, leanfaimid orainn ag obair chun ár sainchúram reachtúil a chomhlíonadh. Leanfaimid ag gníomhú mar chumasóir d'athrú ar fud an chórais freisin. Is féidir linn príomhchéimeanna a ghlacadh as a dtiocfaidh athrú níos mó ar fud an chórais. Is féidir linn ár sonraí agus ár léargas a úsáid freisin chun bonn eolas níos fearr a chur leis an gcóras.

Tá ár n-aidhmeanna straitéiseacha don tréimhse 2023 go 2025 leagtha amach againn faoi na ceannteidil seo a leanas: an chosaint, an cur chun cinn, an dul chun cinn, arna chumhachtú ag an gcomhpháirtíocht agus cumasaithe ag an teicneolaíocht. Agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha á bhforbairt don tréimhse 2023 go 2025, tá ár bhfís fhoriomlán leagtha amach thíos:

Ár bhfís do 2023-2025

Chun tacú le haltraí agus le cnáimhseacha, agus le gairmeacha an altranais agus an chnáimhseachais ag féachaint do na haidhmeanna seo a leanas:

- An tslándáil phoiblí a fheabhsú
- Feasacht a mhéadú ar cad is cúis le gearáin agus a chinntiú go dtugtar aghaidh orthu go tapa agus gar don áit ar tharla na fadhbanna
- Ardchaighdeáin oideachais, teagaisc, agus iompair a chur chun cinn
- A chinntiú go ndéantar an tallann san eagraíocht a fheabhsú, agus daoine a bhfuil tallann acu a mhealladh, leis an tsamhail rialála againn – bíodh sé sin tríd an gcóras oideachais in Éirinn nó i dtíortha eachtracha.

San fhírinne, is ionann sin agus le rá go ndéanfaimid:

- léargais a roinnt le cláraitheoirí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile;
- cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a thuiscint;
- tacú lenár gcláraithe dul i ngleic le rioscaí le caighdeáin treorach agus oideachais;
- an dúshlán a thabhairt dúinn féin obair le príomhchomhlachtaí chun bealaí an gClár a éagsúlú;
- comhoibriú chun straitéis chuimsitheach coinneála a aithint agus a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i dTuarascáil an tSainghrúpa Athbhreithnithe ar Altranas agus Cnáimhseachas; agus
- tionchar a imirt ar an líon altraí agus cnáimhseach a gcuirtear oideachas orthu agus atá ar fáil do chóras cúraim sláinte na hÉireann.

Sa Straitéis seo, déanfaimid cur síos ar na gníomhartha a bhfuilimid tiomanta dóibh, atá treoraithe ag an bhfís uileghabhálach seo.



Louise Kavanagh McBride
Uachtarán



Sheila McClelland
Príomhfheidhmeannach

Contents

Cé muidne

5

Cad é a dhéanaimid

6

Ár dtosaíochtaí straitéiseacha

10

An ról atá ag BACÉ
agus ag ár mbranda

23


Fachtóirí tacúla

24

Ár straitéis a chur i bhfeidhm
agus an rath a thomhas

25

Cé muidne



Figiúr 1: Cé muidne

Cad é a dhéanamid

- Clár na nAltraí agus na gCnáimhseach - i dteideal cleachtaidh - a choimeád
- Ardchaighdeán a chur chun cinn in oideachas gairmiúil, in oiliúint ghairmiúil agus i gcleachtas gairmiúil, agus in iompar gairmiúil i measc altraí agus cnáimhseach
- Gearáin i gcoinne altraí agus cnáimhseach a imscrúdú agus a bhreithniú.

Clár na nAltraí agus na gCnáimhseach - i dteideal cleachtaidh in Éirinn - a choimeád


Clár Altraí agus Cnáimhseach BACÉ

Gach duine in Éirinn atá cláraithe chun obair a dhéanamh in Éirinn mar altra nó mar chnáimhseach amhail an 31 Nollaig 2022.

85,086 duine

Tá na cáilíocht(aí) altranais nó cnáimhseachais ag gach duine ar an gClár aitheanta ag BACÉ.

Figiúr 2: Sonraí clárúcháin amhail an 31 Nollaig 2022



Figiúr 3: Déimeagrafaic chlárúcháin amhail an 31 Nollaig 2022

Láithreán ina bhfuil ár gcláraithe ag obair

Róil
cheannaireachta



Ospidéal
ghéarmhíochaine



An pobal



Saoráidí cúraim
cónaithe
fadtéarmaigh



Cleachtais Dochtúra
Teaghlaigh



Oideachas Altranais
agus Cnáimhseachais



Ionaid chúram
phríomhúil



Aonaid Chónaithe



Eile



Cleachtas
neamhspleách



An Saol Acadamh



Tionscal
(m.sh. an chógasaíocht)



Taighde




Figiúr 4: Láithreán ina bhfuil ár gcláraithe ag obair

Ardchaighdeán a chur chun cinn in oideachas gairmiúil, in oiliúint ghairmiúil agus i gcleachtas gairmiúil, agus in iompar gairmiúil i measc altrai agus cnáimhseach

Oideachas

Cúrsaí réamhchlárúcháin

Cúrsaí iarchlárúcháin



Figiúr 5: Sonraí oideachais do 2022 amhail an 1 Nollaig 2022

Gearáin i gcoinne altraí agus cnáimhseach a imscrúdú agus a bhreithniú

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

50

Líon gearán a fuarthas

38


Líon fiosrúchán stiúrtha

70

Líon laethanta fiosrúcháin

30

Fiosruithe tugtha chun críche



Figiúr 6: Sonraí um an bhFeidhmiúlacht chun Cleachtadh do 2022 amhail an 1 Nollaig 2022

Ár dtosaíochtaí straitéiseacha


Ols í an fhís atá againn don tréimhse 2023 go 2025 ná tacú le haltraí agus le cnáimhseacha, agus le gairmeacha an altranais agus an chnáimhseachais, agus tá na haidhmeanna seo a leanas ag gabháil léi:

- An tslándáil phoiblí a fheabhsú
- Feasacht a mhéadú ar cad is cúis le gearáin agus a chinntiú go dtugtar aghaidh orthu go tapa agus gar don áit ar tharla na fadhbanna
- Ardchaighdeáin oideachais, teagaisc, agus iompair a chur chun cinn, agus A chinntiú go ndéantar an tallann san eagraíocht a fheabhsú, agus daoine a bhfuil tallann acu a mhealladh, leis an tsamhail rialála againn – bíodh sé sin tríd an gcóras oideachais in Éirinn nó i dtíortha eachtracha.

Leanfaimid ag comhlíonadh ár bpríomhfheidhmeanna mar a leagtar amach thuas. Ina theannta sin, tá raon gníomhaíochtaí, tionscadal agus gníomhaíochtaí aitheanta againn a dtabharfar fúthu idir 2023 agus 2025.

Tá ár dtosaíochtaí straitéiseacha grúpáilte againn faoi thrí ‘C’ – atá mar chroílár an méid a dhéanaimid – ag cosaint, ag cur chun cinn agus ag cur ar aghaidh. Tacófar leo seo leis an gcomhpháirtíocht agus an teicneolaíocht.

Tá an straitéis foriomlán curtha i bhfísléaráid againn dár bpáirtithe leasmhara agus dár bhfoireann chun ár straitéis a thabhairt chun críche i ndáiríre.



Figiúr 7: Ár dtosaíochtaí straitéiseacha

Ag Cosaint

Príomhchuspóirí

- 1 Tacú le hoideachas altraí agus cnáimhseacha chun sláine na ngairmeacha agus na ndaoine a úsáideann seirbhísí a chosaint
- 2 Tacú le haltraí agus le cnáimhseacha a bhain a gcáilíochtaí amach i dtíortha eachtracha chun aistriú le hobair i gcóras cúraim sláinte na hÉireann
- 3 Treoir agus caighdeán a fhorbairt chun tacú le haltraí agus cnáimhseacha
- 4 Amlínte um an Feidhmiúlacht chun Cleachtadh a fheabhsú

Ag cur chun cinn

Príomhchuspóirí

- 5 Conairí clárúcháin agus iarratais a shruthlíniú d'altraí agus cnáimhseacha ó tíortha eachtracha
- 6 Mic léinn altranais agus cnáimhseachais nua a mhealladh agus an dul chun cinn gairme a spreagadh

Ag Cur ar Aghaidh

Príomhchuspóirí

- 7 Tacú le cur i bhfeidhm na moltaí ón Sainchomhlacht Athbhreithnithe ar Altranais agus Cnáimhseachas, 2022
- 8 Caighdeán chúraim a chur chun cinn le fócas leanúnach ar shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse
- 9 Caighdeán oideachais a fhorbairt chun na gairmeacha a chur chun cinn
- 10 Ár sonraí a roinnt chun bonn eolais a chur leis an oideachas, an straitéis agus an phleanáil
- 11 Bí sofhreagrúil i ndáil le treochothaí cúraim sláinte agus rialála agus na dúshlán a bhíonn le tabhairt ag ár gcláraithe
- 12 A chinntiú go bhfuil ár bpróiseas um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh níos comhbháiche.

Arna chumhachtú leis an gcomhpháirtíocht

Príomhchuspóirí

- 13 Provide Ardán a chur ar fáil chun idirphlé a chur ar siúl ar fud an chórais ar fad, ina mbeifear in ann éisteacht, gníomhú go páirteach, léargais agus sonraí a roinnt, an comhdhearadh a dhéanamh agus pointí a nascadh ar mhaithe le húsáideoirí seirbhíse agus le cláraitheoirí,

Cumasaithe ag an

Príomhchuspóirí

- 14 An teicneolaíocht a úsáid mar uirlis thábhachtach sa rialáil

Ag Cosaint

Príomh- chuspóir 1

Tacú le hoideachas
altraí agus
cnáimhseacha chun
sláine na
ngairmeacha agus na
ndaoine a úsáideann
seirbhísí a

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Moltaí ón gComhlacht Athbhreithnithe Saineolaithe (ERB) 2022

- Athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar churaclaim na glár fochéime altranais agus cnáimhseachais, i ndáil le Sláintecare, trí ghrúpa oibre ardleibhéil de chuid BACÉ, FSS agus comhlachtaí oideachais. Athbhreithnithe cláir le cur i bhfeidhm maidir le mic léinn a tógadh isteach i Meán Fómhair 2025.
- Scrúdú a dhéanamh ar roghanna do chlár fochéime san altranais Síciatrach, Meabhairshláinte agus Míchumais Intleachta chun riachtanais ghinearálta altranais reachtaíochta an AE a chuimsiú, trí ghníomhaíochtaí srutha oibre Oideachais an Chomhlachta Athbhreithnithe Saineolaithe.
- Déanfaidh an grúpa athbhreithniú ar rochtain ar an oideachas fochéime agus ar a acmhainn, agus é mar aidhm aige plean a fhorbairt chun an líon mac léinn fochéime a mhéadú. SA sruth oibre Oideachais ORC déanfar scrúdú ar roghanna chun breis sócrúcháin cleachtas a sholáthar agus aithneoidh BACÉ suíomhanna sócrúcháin breise ar aon dul le Sláintecare agus, tráth níos faide anonn, beidh ar chomhlachtaí oideachais úsáid a bhaint as áiteanna breise arna n-aithint.
- Sruth oibre Shainchomhlacht Athbhreithnithe Oideachais chun athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna iontrála do chéimithe chun an sócrú is fearr a d'oirfeadh don timpeallacht Éireannach leis an méid atá foghlamtha ó chlár idirnáisiúnta atá i bhfeidhm, chun cur chuige a mholadh i ndáil le caighdeán agus riachtanais don Bhord lena mbreithniú. Bainfidh sé seo amach glanacmhainneacht bhreise i ndáil le mic léinn agus is é an aidhm ná go mbeidh ar a laghad dhá chlár á dtairiscint agus á reáchtáil ag an leibhéal náisiúnta faoi 2025.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna maidir le cláir tiontaithe do chláraithe le cur ar a gcumas aistriú idir na disciplíní agus tuilleadh soghluaisteachta inghairme. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir iarchlárúcháin atá ann faoi láthair as a dtiocfaidh clárú disciplín agus obair chun cur chuige agus dámhachtainí a chaighdeánú, lena n-éascófar freagrúlacht fheabhsaithe sa chóras i leith éileamh agus brúnna. Ullmhóidh BACÉ caighdeán agus riachtanais agus scrúdóidh sé an úsáid a bhaintear as tástáil iniúilachta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma ar mhaithe le solúbthacht an lucht saothair. Cuirfear athbhreithnithe ar chlár i bhfeidhm in amlíne lena n-éascófar mic léinn a iontráil in 2024.

Monitoring the Maintenance of Professional Competence

- An reachtaíocht a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Príomh-chuspóir 2

Tacú le haltraí agus le chnáimhseacha a bhain a gcáilíochtaí amach i dtíortha eachtracha chun aistriú le hobair i gcóras cúraim sláinte na hÉireann

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Tacaíochtaí ar líne

- Déanfaimid comhdhearadh ar mhodúil/mhodúl foghlama ar líne saor in aisce a bheidh dírithe go sonrach ar iarratasóirí agus ar chláraithe atá ag pleanáil ar a bheith ag obair in Éirinn mar altraí agus mar chnáimhseacha den chéad uair.
- Díreoidh sé ar an gCód um Iompar Gairmiúil agus Eitic d'Altraí Cláraithe agus do Chnáimhseacha Cláraithe, ar mhúnlaí cúram sláinte in Éirinn agus ar inniúlachtaí cultúrtha a dhaingniú. Scaipfear é ar chláraithe nua in 2024 agus cuirfear ar fáil é ar mhól d'iarratasóirí ó thíortha eachtracha.

Príomh-chuspóir 3

Treoir agus caighdeán a fhorbairt chun tacú le haltraí agus mná cabhrach

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Treoir agus Cumarsáid

- Tá sé beartaithe ag BACÉ níos mó treorach a fhoilsiú d'altraí agus do chnáimhseacha i suíomhanna éagsúla cúraim sláinte lasmuigh d'ospidéal ghéarmhíochaine, ag freagairt d'athrú de réir mar is gá, agus é mar aidhm againn trí dhoiciméad treorach a fhoilsiú in aghaidh na bliana.
- Forbróimid ár gcumarsáid trí úsáid a bhaint as ardáin idirghníomhacha chun a chinntiú gur féidir le cláraitheoirí agus le mic léinn tuiscint níos éasca a fháil ar phríomhghnéithe na gcaighdeán agus na treorach. Athruithe le tosú le linn 2023.

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Páirtithe Leasmhara

- Leanúint ar aghaidh mar gheallsealbhóir príomhach i bhfórais ina bhfuil samplaí cúraim sláinte don toadhchá á bplé.
- Fóram sonrath a chruthú le HIQA agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2023 chun eolas agus an méid atá foghlamtha faoin riosca a roinnt i suíomhanna cúraim sláinte.

Príomh- chuspóir 4

Amlínte um an
Feidhmiúlacht
chun an
Cleachtadh a
fheabhsú

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Athruithe i ndáil leis an bhFeidhmiúlacht chun Cleachtadh

- Leanúint ar aghaidh ag laghdú amlínte i ndáil leis an bhFeidhmiúlacht chun Cleachtadh trí úsáid mhéadaithe a bhaint as gnóthais bunaithe ar anailís agus an méid atá foghlamtha.
- Tuairisceoidimid ar thionchar an phainéil mhéadaithe seirbhísí dlí a cuireadh i bhfeidhm in 2022.

Ag cur chun cinn

Príomh- chuspóir 5

Conairí clárúcháin
agus iarratais a
shruthlíniú d'altraí
agus cnáimhseacha
i dtíortha
eachtracha

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

MyNMBI

- An Chéad Ghlúin Eile de MyNMBI a fhorbairt chun an tairseach a dhéanamh níos éasca agus níos simplí do chláraithe chun iarratas a dhéanamh ar aitheantas agus ar chlárú agus chun iarratas a rianú. Beidh sé mar aidhm againn Litir Chinnidh a eisiúint laistigh de 21 lá tar éis iarratas a ghlacadh.

Obair le comhpháirtithe chun bealaí iarratais a dhéanamh chomh réidh agus is féidir

- Mol tiomnaithe fíorúil agus fisiceach d'iarratasóirí ó thíortha eachtracha a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'iarratasóirí tríd an bpróiseas iarratais agus chun faisnéis shainoiriúnaithe a chur ar fáil.
- Comhoibriú le tríú páirtithe ábhartha (amhail ambasáidí agus gníomhaireachtaí earcaíochta) chun éisteacht, chun bonn eolas a chur lenár n-ábhar cumarsáide agus chun ár bpróisis a fheabhsú tuilleadh.
- Fanacht feasach ar chothromas sóisialta i ngníomhaíochtaí earcaíochta chun ganntanais tallainne i dtíortha eile a sheachaint.
- Athbhailíochtú cuimsitheach ar shuíomhanna oiriúnaithe a thabhairt chun críche in 2023 chun a chinntiú go gcomhlíonann siad ár gcaighdeán agus go bhfuil siad áisiúil d'iarrthóirí agus acmhainn oiriúnaithe bhreise a spreagadh.
- Cuir tús le comhrá le comhlachtaí oideachais agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun clár oideachais a fhiosrú lena ndúnfar an bhearna aitheanta sna cáilíochtaí altranais agus cnáimhseachais ó dhlínsí aitheanta le caighdeán BACÉ, ag éascú iontráil ar an gClár gan gá le tréimhse oiriúnaithe.

Príomh-chuspóir 6

Mic léinn altranais agus cnáimhseachais nua a mhealladh agus an dul chun cinn gairme a spreagadh

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Ábhar Gairmeacha

- An t-ábhar gairmeacha ar ár suíomh gréasáin a athbhreithniú agus a uasdhátú le go mbeidh sé dírithe ar leithead agus éagsúlacht na ról agus na slíte gairme is féidir le cáilíocht altranais nó cnáimhseachais rochtain a chur ar fáil. Áirítear leis seo an iontráil, ón gcéimí go dtí an ardchleachtóir, ó shuíomhanna géara go suíomhanna neamhghéarmhíochaine, na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, cleachtas neamhspleách, an saol acadúil, taighde agus an lucht bainistíochta, ach gan a bheith teoranta dóibh. Ba cheart go gcuirfeadh sé faisnéis ar fáil freisin ar na bealaí éagsúla isteach sna gairmeacha.

Bealaí chun an Clár

- Bacainní iontrála ar ár gClár a laghdú, gan ár gcaighdeáin a chur i mbaol. É a dhéanamh le bheith gan uaim an oiread agus is féidir d'iaratasóir a léiriú conas a chomhlíonann siad na caighdeáin sin agus go ndéanfaidh BACÉ é sin a bhailíochtú.
- Bealaí nua ardchaighdeáin chuig an gClár a spreagadh do dhaoine ar féidir leo ár gcaighdeáin a chomhlíonadh chun rochtain ar an gClár a éascú.
- Conairí rochtana chuig ár gClár a leathnú agus a dhéanamh níos solúbtha. Déanaimid nuálaíocht agus le comhpháirtithe araon chun tuiscint a fháil ar conas bealaí a leathnú agus an próiseas a shimplíú ar bhealach atá inscálaithe agus atá oiriúnach do rioscaí.

Ag Cur ar Aghaidh

Príomh- chuspóir 7

Tacú le cur i bhfeidhm na moltaí ón Sainchomhlacht Athbhreithnithe ar Altranas agus Cnáimhseachas 2022

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

An Sainchomhlacht Athbhreithnithe ar Altranas agus Cnáimhseachas 2022

- Obair le comhpháirtithe chun moltaí an tSainchomhlachta Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa tuarascáil sin agus ar leathanach 11 den straitéis seo.

Príomh- chuspóir 8

Caighdeáin chúraim a chur chun cinn le fócas leanúnach ar shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Déanfar an Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla d'Altraí Cláraithe agus do Chnáimhseacha Cláraithe a nuashonrú agus a fhoilsiú

- Déanfar an Cód a nuashonrú.
- Beidh sé chomh héasca agus is féidir an Cód a thuiscint, agus beidh sé agus níos ábhartha do chláraithe agus do na socrúithe go léir a gcleachtann siad iontu mar gheall ar na huasdátaithe sin.
- Déanfar Scóip an Chreat Cleachtais Altranais agus Cnáimhseachais a ionchorprú sa Chód.
- Bainfear úsáid as físeáin agus as bealaí eile chun an Cód a chur in iúl agus a scaipeadh.
- Roinnfear é ag an bpointe clárúcháin agus cuirfear ar fáil go bliantúil é mar chuid den phróiseas athnuachana bliantúil.

Príomh- chuspóir 9

Caighdeán oideachais a fhorbairt chun na gairmeacha a chur chun cinn

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

An Cheannaireacht

- A chinntiú go n-áiríonn ár gcaighdeán do chláir oideachais béim ar cheannaireacht agus ar chinnteoireacht chomhoibríoch chun tacú le hionadaíocht altranais agus chnáimhseachais i bhfóraim cinnteoireachta agus ceannaireachta.

Príomh- chuspóir 10

Ár sonraí a roinnt chun bonn eolais a chur leis an oideachas, an straitéis agus an phleanáil

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Sonraí a fhoilsiú

- Taighde agus torthaí a chruthú maidir le fiosrúcháin um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, gearáin agus díobháil d'úsáideoirí seirbhíse in Éirinn agus níos faide i géin chun fostóirí, comhlachtaí ionadaíocha agus cláraitheoirí a chur ar an eolas faoi rioscaí, idir rioscaí is eol dúinn agus rioscaí atá ag teacht chun cinn araon. Beidh gné oideachais ag gabháil leis seo freisin chun aghaidh a thabhairt ar atreoruithe nach bhfuil oiriúnach nó atá míchuí chuig an BACÉ ó bhainisteoirí líne, ó fhostóirí nó ó pháirtithe eile. Sonraí agus an méid arna fhoghlaim a fhoilsiú tuarascáil bhliantúil ar Staid na nGearán.
- Tuarascáil bhliantúil ar Staid an Chláir a fhoilsiú, a anailísiú agus a roinnt leis na comhpháirtithe.
- Scaoil amach pacáiste BACÉ do chomhlachtaí oideachais gach bliain le léargais ar ghearáin, fiosrúcháin agus dea-chleachtas a breathnaíodh thar chuairteanna oideachais agus suíomhanna socrúcháin chun curaclaim agus cur chuige na gcomhlachtaí oideachais a chur ar an eolas.

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Imeachtaí

- Sraith léachtaí agus imeachtaí eile a phleanáil agus a sheachadadh ag a roinnfimid sonraí agus ina soláthróimid fóram le haghaidh comhrá agus comhoibrithe faoi thodhchaí na ngairmeacha.
- Comhdháil a eagrú in 2023 chun an méid atá foghlamtha agus léargais a roinnt.

Sonraí a úsáid

- Sarracht a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag an obair a dhéanaimid ar dhaoine a bhfuil tréithe cosanta éagsúla acu agus obair le daoine eile chun tuiscint a fháil ar conas is féidir linn aghaidh a thabhairt ar neamhionannais arna n-aithint.

Príomh-
chuspóir 11

Bí sofhreagrúil i
ndáil le treochtaí
cúraim sláinte agus
rialála agus na
dúshláin a bhíonn
le tabhairt ag ár
gcláraithe

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

An Reachtaíocht

- Leanúint ar aghaidh ag forbairt le cur i bhfeidhm na reachtaíochta, agus pleanáil le haghaidh athruithe sa reachtaíocht amach anseo lenár bpáirtithe leasmhara. Le bheith éifeachtach agus sofhreagrúil mar rialaitheoir, bímid ag brath ar an reachtaíocht.
- Leanfaimid orainn gnéithe don reachtaíocht a dhaingniú is reachtaíocht a bhaineann linn agus ar cuireadh tús léi le déanaí, e.g. an clásal daonnúil agus na painéil fiosrúcháin de thriúr.
- Oibreimid go dlúth leis an Roinn Sláinte chun pleanáil a dhéanamh chun gnéithe don reachtaíocht nach bhfuil tosaithe fós a éascú, m.sh. nótaí mínithe.
- Oibreimid go dlúth leis an Roinn Sláinte freisin agus le dreamanna eile chun feabhsuithe ar ár gcreat reachtaíochta a mhúnlú, rud a ligfear dúinn a bheith níos éifeachtaí, níos sofhreagrúil agus a bheith ábhartha maidir le rioscaí reatha agus amach anseo do shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse agus tacúil dár gcláraitheoirí.

An Nuálaíocht

- Spreagfaimid an nuálaíocht rialála trí rudaí nua a phiolótú níos minice. Bunaithe ar na torthaí, déanfaimid iad a leathnú nó a fhoghlaim uathu agus leanfaimid ar aghaidh. D'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar riosca a dtugtar aghaidh air trí fhaisnéis, trí thacaíocht agus trí fhoghlaim mhachnamhach agus d'fhéadfadh ár gcuid ama, ár n-aird agus ár n-acmhainní a dhíriú ar rioscaí eile atá ag teacht chun cinn nó atá níos mó.

Príomh- chuspóir 12

A chinntiú go
bhfuil ár bpróiseas
um Fheidhmiúlacht
chun Cleachtadh
níos

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Tionscadal um an gcomhbhá

- Déanfaimid athruithe maidir leis an gcaoi a ndéileáimid le gearáin agus fiosrúcháin. Tá sé seo bunaithe ar thionscadal comhbhá a thugamar chun críche anuraidh chun fáil amach conas a d'fhéadfaí an próiseas bainistithe gearán a leasú le bheith níos 'comhbháiche' dóibh siúd go léir atá páirteach ann.
- Trí aistriú chuig cur chuige um an oiriúnacht chun cleachtadh atá níos dírithe ar an duine agus trí úsáid a bhaint as forálacha ár reachtaíochta nua-leasaithe, tá sé beartaithe againn déileáil le gearáin nach bhfuil chomh tromchúiseach sin ag céim níos luaithe agus úsáid a bhaint as gealltanais (gealltanais gníomhaíochta a thugann an t-altra nó an cnáimhseach is ábhar an ghearáin) agus toiliú nuair is cú. Leis sin, laghdófar an líon gearán a théann ar aghaidh chuig céim an fhiosrúcháin, rud a laghdóidh ina dhiaidh sin an t-am feithimh do chláraithe atá ró-fhada.
- Cúnaimh níos fearr a sholáthar do chláraithe agus d'fhinnéithe a bhfuil baint acu leis an bpróiseas fiosrúcháin trí thacaíocht teileafóin agus faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil.
- Déanfar doiciméid tacaíochta agus ábhair cabhracha a shimpliú agus a fheabhsú.
- Sa chumarsáid ón BACÉ, idir comhfhreagras duine le duine agus i scríbhinn araon, beidh béim ar an gcomhbhá agus ar an déanamh comhbhá go tuiscint ó gach rannpháirtí atá sa phróiseas.
- Úsáidfear anailís níos fearr ar ghearáin a fuarthas agus torthaí an fhiosrúcháin chun bonn eolas a chur ar fáil do chláir oideachais altránais agus chnáimhseachais.
- Imscrúdú córasach a dhéanamh ar an tionchar atá ag fachtóirí comhthéacsúla i gcásanna um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, agus fócas á choinneáil ar an gcuntasacht ghairmiúil aonair. Cabhróidh sé seo linn torthaí níos cothroime a bhaint amach agus beidh sé mar bhonn lenár gclár for-rochtana freisin.

Powered by partnership

Príomh- chuspóir 13

Ardán a chur ar fáil chun idirphlé a chur ar siúl ar fud an chórais ar fad, ina mbeifear in ann éisteacht, gníomhú go páirteach, léargais agus sonraí a roinnt, an comhdhearadh a dhéanamh agus pointí a nascadh ar mhaithe le húsáideoirí seirbhíse agus le cláraitheoirí

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

- Éistfimid go rialta le hidirphlé arna dhéanamh lenár gcláraithe, le daoine a úsáideann seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta agus le páirtithe leasmhara eile sa chóras cúraim sláinte, agus éascóimid an t-idirphlé den sórt sin. Fiosróimid tuilleadh deiseanna chun comhoibriú, comhdhearadh agus tacú le torthaí.
- Bunóimid sásra chun a chinntiú go mbeidh glór an úsáideora seirbhíse ionchorpraithe san obair a dhéanaimid.
- Aithneoidimid samhail chun tionchar an rialála a thomhas níos fearr agus chun cur chuige ar fud an chórais a threorú chun daoine a úsáideann seirbhísí a chosaint.
- Oibreoidimid le rialtóirí agus fostóirí eile chun comhthéacs, beartais, gníomhartha agus iompraíochtaí as a dtagann díobháil a thuiscint. Leathnóidh ár gcumas comhchoiteann 'na poncanna a nascadh' thar shaolré iomlán an dochair an léithead, an doimhneacht agus an aibíocht a theastaíonn uainn dár gcaidrimh le páirtithe leasmhara. Nuair a chuireann ár gcomhpháirtithe sinn ar an eolas faoi dheiseanna chun dochar a laghdú agus nuair a dhéanaimid amhlaidh leo, bíonn tionchar dearfach aige ar an gcóras iomlán.
- Oibreoidimid lenár gcomhghleacaithe rialála idirnáisiúnta chun léargais agus an dea-chleachtas a roinnt. Iniúchadh a dhéanamh ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha atá ag forbairt.
- Caidrimh a thógáil le ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha Rialtais agus oibriú le chéile ar shaincheisteanna leasa choitinn.

Cumasaithe ag an teicneolaíocht

Príomh- chuspóir 14

An teicneolaíocht
a úsáid mar uirlis
thábhachtach sa
rialáil

Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin

MyNMBI

- Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt na chéad ghlúine eile de MyNMBI le linn shaolré an ráitis straitéise seo, chun tacú le clárú altraí agus cnáimhseach agus mac léinn, agus chun próiseáil na n-iarraitas ar an gClár a chuíchóiriú. Cumasófar an chomhroinnt sonraí, arna chumasú ag an teicneolaíocht, freisin dá réir.

An Claochlú Digiteach

- Ag teacht le beartas an Rialtais, tabharfaimid tús áite don chlaochlú digiteach agus oibreimid chun réitigh dhigiteacha a ghíaráil chun próisis a shruthlíniú agus a uathoibriú tuilleadh.

An Chibearshlándáil

- Mar eagraíocht, déanfaimid tuilleadh infheistíochta sa chibearshlándáil.

An ról atá ag BACÉ agus ag ár mbranda

Aidhm	Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin
An ról atá ag BACÉ a chur in iúl go soiléir dár bpáirtithe leasmhara	<p>An Chumarsáid</p> <ul style="list-style-type: none"> Beidh sé mar aidhm ag ár bpleananna cumarsáide próifil an BACÉ a ardú agus an tuiscint ar ár ról agus ar ról na rialála gairmiúla a mhéadú. Deis is ea obair ar na cláir fochéime altranais agus cnáimhseachais (mar a thuairiscítear thuas) chun gnéithe eile dár ról a léiriú. <p>An rialáil réamhtheachtach</p> <ul style="list-style-type: none"> Cultúr den ‘rialáil réamhtheachtach’ a dhaingniú ar fud na heagraíochta, ina ndírítear ar thacú le haltraí agus le cnáimhseacha chun cosc a chur ar an díobháil ar an gcéad dul síos.

Aidhm	Samplaí den tslí a dhéanfaimid é sin
Oibriú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe	<p>Ár n-eagraíocht a fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> Roghnóimid na háiteanna ina mbeidh an tionchar is mó. Forbróimid de réir rioscaí atá ag teacht chun cinn agus díreoimid ár n-aird dá réir. Tabharfaimid ár n-aird in ord tosaíochta do na háiteanna inar féidir dochar a sheachaint. Mar eagraíocht fhorásach le fócas láidir ar fhoghlaim mhachnamhach déanfaimid machnamh leanúnach ar cad is féidir linn a fhoghlaim nó a dhéanamh ar bhealach difriúil nó níos fearr an chéad uair eile. Beimid dírithe ar réitigh agus muid ag tabhairt faoi gach dúshlán. <p>Ár n-eagraíocht a fhorbairt agus straitéis AD a fhorbairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> Infheistíocht a dhéanamh sna scileanna a theastaíonn chun ár straitéis a chur i gcrích. Deiseanna a aithint agus a chur chun cinn don fhoireann chun fás agus dul chun cinn, le plan oiliúna foirne bliantúil. Cumais agus acmhainn mar eagraíocht a mhéadú de réir an ráitis straitéise seo. An choinneáil a chur chun cinn. Méadaigh an athléimneacht i ngach leibhéal den eagraíocht chun an fhís mar atá leagtha amach sa ráiteas straitéise seo a bhrú chun cinn. <p>Ár mBord</p> <ul style="list-style-type: none"> Déanfaimid infheistíocht sna scileanna a theastaíonn chun tár straitéis a chur i gcrích trí plan oiliúna Boird trí-bliana. <p>Áit Iontach mar Ionad Oibre</p> <ul style="list-style-type: none"> Glacfaimid páirt sa chlár Áit Iontach mar Ionad Oibre. <p>Earraí agus seirbhísí</p> <ul style="list-style-type: none"> Mar chuid de bheartas an Rialtais um an Soláthar Poiblí Glas (GPP) déanfaimid iarracht earraí, seirbhísí nó oibreacha a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu a aimsiú. Oibreoimid freisin lena chinntiú go bhfuilimid gafa le soláthar atá freagrach go sóisialta.

Fachtóirí tacúla

An Reachtaíocht

Mar an rialtóir, oibrímid faoi shainchúram ár reachtaíochta príomhúla náisiúnta agus Threoir an AE 2005/36/CE. Ní mór dúinn a bheith feasach freisin ar reachtaíocht eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm orainn gníomhaireacht de chuid na Roinne Sláinte nó ár gcláráithe a oibríonn in Éirinn.

In 2020, d'fhorbraíomar plean forfheidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar athruithe a tugadh isteach tríd an Acht um Ghairmeacha Rialaithe (Sláinte agus Cúram Sóisialach) (Leasú), 2020. Leanaimid ar aghaidh leis an obair chun athruithe arna dtabhairt isteach leis an Acht seo a dhaingniú.

Glacaimid páirt ghníomhach i ndíospóireacht agus i bplé maidir le haon athruithe atá á meas le Treoir an AE 2005/36/CE.

Rinneadh dlí den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Acmhainneacht) i Mí na Nollag 2015. Nil sé tosaithe go hiomlán fós, mar sin féin. Ar an gcaoi chéanna, tá an Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othair Infhógartha), 2019 fós le rith tríd an Oireachtas. Coinneoidimid mionteagasc faire le tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfar go mbeidh orainn, mar rialtóir, freagairt agus tacaíocht a thabhairt dár gcláráithe i ndáil leis seo agus le haon athruithe reachtaíochta eile.

Environmental analysis

Bhí an straitéis seo bunaithe ar anailís chomhshaoil ar a bhfuil ag tarlú laistigh dár n-eagraíocht, agus dár dtimpeallacht pholaitiúil agus dhlíthiúil. Léigh an anailís ar www.nmbi.ie.

Consultation

Tá aiseolas a fuarthas trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus trí chomhairliúchán poiblí mar bhonn eolas leis an straitéis freisin. Léigh an tuarascáil faoin gcomhairliúchán ar ár suíomh gréasáin, www.nmbi.ie.

Ár straitéis a chur i bhfeidhm agus an rath a thomhas

Le linn shaolré na straitéise seo, déanfaimid measúnú ar an dul chun cinn agus foilseoimid é inár dtuarascálacha bliantúla. Beidh an measúnú seo dírithe go príomha ar fhaisnéis ar an leibhéal gníomhaíochta. Comhlánófar é le hanailís atá ar fáil agus aiseolas ó gheallsealbhóirí, trí fhóiraim rannpháirtíochta, chun cabhrú linn dul chun cinn agus comhthéacs gach téama straitéiseach a thuiscint. Déanfar rathúlacht a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air trí shraith príomhtháscairí feidhmíochta a ailíniú le gach tosaíocht straitéiseach.

Beidh ár dtosaíochtaí soiléir agus intuigthe, agus beidh solúbthacht ann nuair is gá. Tuigfidh ár ndaoine go léir an ról atá acu maidir leis na tosaíochtaí seo a sheachadadh.

Déanfaimid machnamh ar dhea-chleachtas comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) inár bpleananna gnó agus iad á seachadadh.



Bord Altranais agus
Cnáimhseachais na hÉireann
Nursing and Midwifery
Board of Ireland

Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (BACÉ)

18/20 Ascail Dhún Carúin | An Charraig Dhubh | Co. BÁC | A94 R299

T +353(0)1 639 8500 www.nmbi.ie